[*Cuir isteach ainm,
seoladh agus Uimhir
Deontais an
Iarratasóra]*

[ • ] 2023

**Scéim Deontais Ceannaigh Feithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha (an *Scéim*)**

A [ • ], a chara,

Go raibh maith agat as d'iarratas a chur isteach go mbronnfar deontas de bhun na Scéime i ndáil le feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha (***ZEHDV***) a cheannach.

*1. Ceadú*

1.1 Breithníodh d'Iarratas agus tá áthas orainn a dheimhniú:

(a) go bhfuil an feithicil nua den chineál agus den tuairisc a leagtar amach i dTábla 1 thíos (an ***Cineál Feithicle Formheasta***) a cheannaigh tú ceadaithe mar incháilithe don Scéim;

(b) go bhfuilimid sásta tairiscint a dhéanamh chun deontas (an ***Deontas***) a chur ar fáil duit d'fhonn cabhrú leat do Chineál Feithicle Ceadaithe a cheannach;

(c) go rangaíodh tú go sealadach mar [*cuir isteach rangú FBManna*]; agus

(d) Leagtar amach i dTábla 1 an méid atá beartaithe a dhéanamh go sealadach i bhfoirm deontais (Méid Sealadach an Deontais); agus

(e) is féidir an méid atá curtha ar fáil duit go sealadach a sholáthar sa bhliain bhuiséadach 202[x],

i ngach cás, faoi réir na dtéarmaí atá leagtha amach sa Litir Deontais seo (lena n-áirítear Aguisín A agus Aguisín B) agus Rialacha na Scéime.

***Tábla 1***

| ***Uimh. na Feithicle*** | ***Cineál Feithicle Ceadaithe*** | ***Méid an deontais*** |
|---|---|---|
| 1 | [*cuir isteach tuairisc na feithicle*] | [*cuir isteach méid an deontais shealadaigh, i.e. an méid atá le bronnadh má dhéantar gach faisnéis an iarratasóra a fhíorú*] |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |

| | | |
|---|---|---|
| 6 | | |
| 7 | | |
| 8 | | |
| 9 | | |
| 10 | | |
| 11 | | |
| 12 | | |
| 13 | | |
| 14 | | |
| 15 | | |
| 16 | | |
| 17 | | |
| 18 | | |
| 19 | | |
| 20 | | |
| | Iomlán | |

1.2 Ní rachaidh méid an Deontais a fhéadfaimid a íoc as Méid an Deontais Shealadaigh thar mhéid an deontais atá leagtha amach i dTábla 1 thuas ach féadfar é a choigeartú anuas de réir théarmaí na Litreach Deontais seo agus Rialacha na Scéime.

2. *An Litir seo*

2.1 Is Litir Deontais í seo chun críocha na Scéime.

2.2 Nuair a ghlacann tú leis an Litir Deontais seo de réir alt 3.1 thíos, is doiciméad dlíthiúil í an Litir Deontais seo a leagann oibleagáidí agus freagrachtaí ort.

2.3 Nuair a ghlacann tú leis an Litir Deontais seo:

(a) beidh ort na coinníollacha a liostaítear in alt 6.2 a shásamh, i ngach cás, ar ár sásamh; agus

(b) má dhéanann tú amhlaidh, fíoróimid do stádas mar "FBM" agus déanfaimid an cinneadh a bheartaítear le halt 6.3,

ag an bpointe sin, tabharfaimid fógra duit faoi mhéid an Deontais arna chinneadh de réir alt 6.3. Tabhair ar aird go dtí go ndéanfar an cinneadh deiridh sin de réir alt 6.3, nach bhfuil aon fhreagracht nó oibleagáid orainn i do leith.

2.4 Sula nglacann tú leis an Litir Deontais, ba cheart duit eolas a chur ar Rialacha na Scéime, ar dtús, agus ina dhiaidh sin ar na téarmaí agus coinníollacha go léir atá mar chuid den Litir Deontais (agus dá bharr sin, aon chomhaontú a rinneadh mar gheall ar chomhlíontacht do chuid oibleagáidí de réir na Litreach Deontais).

3. *An Tréimhse Bailíochta agus Glacadh leis an Litir Deontais*

3.1 Is féidir leat glacadh leis an Litir Deontais don tréimhse ón dáta a dtéann an Litir Deontais seo in éag fiche a haon (21) lá i ndiaidh an dáta ar an Litir Deontais seo (***Tréimhse Bhailíochta***). Dá réir sin, d'fhonn a bheith incháilithe chun an ZEHDV atá á cheannach agat a bhreithniú do

Dheontas, ní mór duit, mar réamhchéim ar nó roimh dhul in éag na Tréimhse Bailíochta, glacadh le téarmaí agus coinníollacha na Litreach Deontais seo tríd an Litir Deontais seo a fhorfheidhmiú go cuí (e.g., tríd an Litir a shíniú agus a dhátú) agus an Litir a sheoladh ar ais trí r-phost chuig zehdvgrant@pierse.ie

Tuigtear seo thuas gan dochar do riachtanais agus coinníollacha eile na Litreach Deontais seo.

3.2 Tabhair ar aird muna gcuirfidh tú an Litir Deontais seo ar ais, tar éis duit á gníomhú go cuí, laistigh den Tréimhse Bailíochta, rachaidh an tairiscint shealadach atá beartaithe ag an Litir Deontais seo as feidhm go huathoibríoch agus ní bheidh tuilleadh éifeachta aici agus ní bheidh tú in ann dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile de phróiseas an iarratais (mar atá leagtha amach in alt 6).

3.3 Má imíonn an tairiscint shealadach i léig de réir alt 3.2, beidh ort iarratas nua ar Dheontas a chur isteach a bheidh faoi réir cinnidh, tairisceana agus coinníollacha ar leithligh.

3.4 Tabhair ar aird, mar atá leagtha amach i gclásal 1.2 d'Aguisín B, nach bhféadfá (i dteannta do Chleamhnaithe) Deontais a fháil faoin Scéim:

(a) sa chás go bhfuair tú Deontais faoin Scéim:

(i) nuair is ionann comhiomlán na nDeontas siúd agus níos mó ná €500,000 (lena n-áirítear an Deontas is ábhar don Litir Deontais); nó

(ii) i leith níos mó ná fiche (20) ZEHDVanna (lena n-áirítear an Fheithicil seo);

(b) muna bhfuil bunaíocht nó brainse agat in Éirinn ón dáta a íocfar an Deontas leat;

(c) má tá nó más rud é go mbeidh aon fhóirdheontas nó aon deontas faighte nó le fáil ag an bhFeithicil faoi aon scéim eile nó má tá cistiú faighte tríd an Scéim seo roimhe seo; nó

(d) i gcás go bhfuil tú féin agus/nó Cleamhnaí leat faoi réir ordú aisghabhála gan íoc maidir le Státchabhair a dheonaigh an Stát roimhe seo a aisíoc tar éis cinneadh ón gCoimisiún Eorpach go raibh an chabhair sin mídhleathach agus neamhchomhlíonach le margadh inmheánach an AE,

agus, gan dochar do na riachtanais eile a luaitear sa Litir Deontais seo, tá sé mar rún againn aon íocaíocht a dhéanamh i ndáil le Deontas duit, agus le Deontas a fháil agat, faoin Litir Deontais seo faoi réir na dtéarmaí seo. D'fhonn amhras a sheachaint, cé go bhfuil sé ar intinn againn Deontas a chur ar fáil sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha riachtanacha go léir, níl aon oibleagáid dhlíthiúil orainn a leithéid a dhéanamh.

4. *Deimhnithe/tuilleadh faisnéise*

4.1 Is coinníoll den Litir Deontais seo go bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chuireann tú ar fáil maidir leis an Scéim fíor agus ceart amhail (a) an dáta a cuireadh ar fáil í agus (b) an dáta a íocadh an Deontas leat.

4.2 Admhaíonn tú go bhfuilimid ag brath ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil agus a chuirfidh tú ar fáil agus cinntí á ndéanamh i leith na Scéime, lena n-áirítear iad siúd i dtaca leis an Litir Deontais seo.

4.3 Gan dochar d'alt 4.1, is féidir linn cibé doiciméid, faisnéis nó dearbhuithe a lorg uait a chinnfimid maidir le haon ábhar i ndáil le (a) d'iarratas, (b) ceannach nó oibriú na Feithicle atá

á ceannach agat, nó (c) an Litir Deontais seo. D'fhéadfaí go n-áireofaí air seo, gan teorainn, bunleagan na Litreach Deontais a chuir tú isteach.

*5. Cuspóir an Deontais*

5.1 Tá an Deontas seo á chur ar fáil chun ceannach ZEHDV nua a éascú d'fhonn teicneolaíochtaí glana a sheasann an aimsir a chur chun cinn chun dlús a chur le húsáid iompair inbhuanaithe, inrochtana agus chliste.

*6. Íocaíocht an Deontais*

6.1 Déanfaimid cinneadh maidir le Deontas a íoc leat, atá dár lánrogha féin, sna cásanna seo a leanas:

(a) go bhfuil tú ag cloí le ceanglais na Litreach Deontais seo (alt 3.5 san áireamh);

(b) gur chomhlíon tú na ceanglais a liostaítear in alt 6.2, i ngach cás, i gcomhréir le halt 6.2; agus

(c) go bhfuil do stádas mar "FBM" fíoraithe againn i gcomhréir le halt 6.3.

6.2 Tabharfaidh tú dúinn, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht dúinn, roimh 31 Deireadh Fómhair na bliana buiséadaí ina ghlactar leis an Litir Deontais, de réir alt 1.1e (**Tréimhse Infhaighteachta an Deontais**):

(a) cóip de dheimhniú cláraithe na Feithicle nua a ceannaíodh a thaispeánann, i measc rudaí eile, uimhir aitheantais na feithicle, an Fheithicil mar atá sí cláraithe in Éirinn agus d'ainm féin, seolaí na Litreach Deontais seo, mar úinéir cláraithe;

(b) cóip de shonrasc CBL ag taispeáint gur cheannaigh tú an Fheithicil ar dháta tar éis an dáta a ndeachaigh tú isteach san Litir Deontais;

(c) cóip de dheimhniu árachais a thaispeánann go bhfuil árachas ar an bhFeithicil a ceannaíodh de réir an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1961, alt 56;

(d) cóip de do dheimhniú mótarchánach reatha

(e) d'Uimhir Thagartha Cánach agus d'Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach ionas gur féidir linn rochtain a fháil ar do dheimhniú imréitigh cánach reatha nó ar cibé fianaise eile i ndáil le do chomhlíontacht cánach a dheimhniú mar a d'fhéadfaimis a shonrú;

(f) ráiteas airgeadais don dá bhliain oibriúcháin dheireanacha (2), nó nasc chuig do chuntais foilsithe, más infheidhme; agus

(g) cibé faisnéis nó dearbhuithe a sholáthar a bheidh ag teastáil uait i gcomhréir le halt 4.3.

6.3 Má chomhlíonann tú na coinníollacha in alt 6.2, déanfaimid:

(a) do stádas mar "FBM" agus do chomhlíonadh théarmaí na Litreach Deontais seo agus Rialacha na Scéime a fhíorú;

(b) a fhíorú an raibh aon athrú ar na cúinsí nó ar na hábhair a cuireadh san áireamh inár réamh-mheasúnú maidir le Méid an Deontais Shealadaigh á chinneadh;

(c) faoi réir alt 6.5, ag féachaint don mhéid seo a leanas:

(i) alt 3.5;

(ii) alt 6.2(b);

(iii) méid na gCostas Incháilithe don Fheithicil;

(iv) clásal 1.14 d'Aguisín B; agus

(v) méid an Deontais Shealadaigh; agus

méid an Deontais atá le híoc leat;

(d) méid an Deontais a chuirfimid ar fáil duit faoin Litir Deontais seo a chur in iúl duit agus do shonraí bainc a lorg de réir alt 6.7.

6.4 Muna gcomhlíonann tú na coinníollacha a leagtar amach in alt 6.2 ar dheireadh na Tréimhse Infhaighteachta Deontais nó roimhe sin, scoirfidh aon oibleagáid nó dliteanas atá againn maidir leis an Deontas (nó aon mhéid ina leith) agus rachaidh an Litir Deontais in éag.

6.5 Má chinnimid gur athraigh do stádas mar "FBM", nach bhfuil tú ag cloí leis an Litir Deontais seo nó le Rialacha na Scéime nó gur tháinig athrú ar na cúinsí a cuireadh san áireamh inár measúnú tosaigh ar an Méid Deontais Shealadaigh, ansin, de réir ár rogha féin, is féidir linn:

(a) an breithniú ar d'iarratas a scor;

(b) a iarraidh ort iarratas nua a chur isteach;

(c) tuilleadh faisnéise nó soiléirithe a lorg uait; agus/nó

(d) d'iarratas a mheas trí thagairt a dhéanamh don athrú ar stádas nó ar na cúinsí, agus méid an Deontais a chinneadh trí thagairt don stádas nó do na cúinsí athraithe sin.

6.6 Má chomhlíonann tú riachtanais na Litreach Deontais seo, laistigh de dhá (2) mhí tar éis duit an fhaisnéis dá dtagraítear in alt 6.7 a chur ar fáil dúinn, íocfaimid, nó gheobhaimid an íocaíocht, an Deontas le do chuntas bainc.

6.7 Sa chás go gcuirimid tú ar an eolas de réir alt 6.3, laistigh de thríocha (30) lá tar éis duit an fógra ina leith a fháil, cuirfidh tú do chuid sonraí bainc ar fáil d'Oibreoir na Scéime chun íocaíocht an Deontais trí aistriú leictreonacha a éascú chuig an gcuntas sin a luaitear. Is iad na sonraí bainc atá ag teastáil ná iad siúd a luaitear inár bhfógra duit de réir alt 6.3.

*7. Foirceannadh Thairiscint an Deontais*

7.1 Is féidir linn, dár lánrogha féin, an Litir Deontais seo chugat a fhoirceannadh ag am ar bith i ndiaidh dúinn fógra seacht (7) lá a thabhairt duit sula dtabharfar aon fhógra duit faoi alt 6.3 (d).

7.2 Ar an bhfoirceannadh sin de réir alt 7.1, ní íocfaimid an Deontas (nó aon mhéid ina leith) leat.

7.3 Gan dochar d'alt 7.1, is féidir linn an Litir Deontais seo a fhoirceannadh láithreach, scor a chur le haon íocaíochtaí den Deontas a dhéanamh, aisíocaíocht an Deontais a íocadh leat cheana a lorg uait, méid an Deontais atá le híoc fós a laghdú agus/nó an Deontas a tharraingt siar má tharlaíonn ceann ar bith de na himeachtaí a leagtar amach i gclásal 1.14 d'Aguisín B.

*8. Sainmhíniú na dtéarmaí/na dtearmaí agus na gcoinníollacha*

8.1 Beidh mar bhrí le haon téarma nó abairt a úsáidtear ach nach sainmhínítear a mhalairt an bhrí a thugtar dó in Aguisín A.

8.2 Baineann na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha amach in Aguisín B leis an Litir Deontais seo agus is mar chuid di iad chomh maith.

8.3 Sa chás go bhfuil aon débhríocht nó aon neamhréiteach idir téarmaí na Litreach Deontais seo (gan na hAguisíní a áireamh) agus na hAguisíní, cuirfear forálacha na Litreach Deontais seo (seachas na hAguisíní) i bhfeidhm.

*9. Dlí Rialaithe*

Tá an Litir Deontais seo á rialú ag dlíthe an Stáit agus cuirimid faoi dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann í, agus forléireofar í de réir na ndlíthe sin.

Sínigh an áit a léirítear thíos le do thoil chun dearbhú go n-aontaíonn tú leis an

méid atá luaite thuas.

Is mise, le meas,

__________________________

AINM

__________________________

SÍNIÚ

__________________________

DÁTA

**SÍNITHE AR SON AGUS THAR CEANN**
**AN tÚDARÁS UM BÓITHRE NÁISIÚNTA**
**(ar a dtugtar ar shlí eile**
**BONNEAGAR IOMPAIR ÉIREANN)**

Glactha agus aontaithe ag:

__________________________

AINM

__________________________

SÍNIÚ

__________________________

DÁTA

**AGUISÍN A**

**SAINMHÍNITHE AGUS LÉIRMHÍNIÚ**

1. **Sainmhínithe agus Léiriú**

1.1 **Sainmhínithe**

Sa Litir Deontais seo:

Ciallaíonn "**Cleamhnaí**":

(a) i leith Deontaí gur fiontar atá ann, Fochuideachta de chuid an duine sin nó Cuideachta Shealbhaíochta de chuid an duine sin nó aon Fhochuideachta eile den Chuideachta Shealbhaíochta sin;

(b) i leith Deontaí gur duine ar leith atá ann,

(i) fiontar ina bhfuil tromlach ceart vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí ag an Deontaí;

(ii) fiontar ina bhfuil tromlach an ceart ag an Deontaí tromlach bhaill an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta a cheapadh nó a bhaint;

(iii) fiontar ina bhfuil an ceart ag an Deontaí tionchar ceannasach a imirt ar an bhfiontar de bhun conartha inar iontráladh leis an bhfiontar sin nó de bhun forála ina meabhrán nó ina n-airteagail chomhlachais; nó

(iv) fiontar, atá ina scairshealbhóir in nó ina bhall d'fhiontar eile, a dhéanann an Deontaí a rialú leis/léi féin, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí eile san fhiontar sin nó le baill eile an fhiontair sin, nó a bhfuil tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na mball san fhiontar sin acu.

Ciallaíonn "**ZEHDV**", tráth ar bith, FTS (Feithicil Tromshaothair) astaíochtaí nialasacha a shonraítear cibé tráth a bheidh incháilithe don Scéim de réir Rialacha na Scéime.

Ciallaíonn "**Dlí Infheidhme**" aon dlí is infheidhme sa Stát gan achtachán breise agus lena áirítear, gan teorainn, dlí coiteann, reacht, ionstraim reachtúil nó orduithe arna ndéanamh faoi, forógra, fodhlí, Treoir de chuid an AE, cinneadh, rialachán, riail, ordú, riail chúirte, ionstraimí nó reachtaíocht tarmligthe nó fho-ordaithe;

Ciallaíonn "**Iarratas**" an Fhoirm Iarratais ar Dheontas comhlánaithe agus gach faisnéis fhorlíontach arna tabhairt ag an Deontaí nó thar a cheann i dtaca lena iarratas ar Dheontas maidir leis an bhFeithicil;

Tá le "**Cineál Feithicle Formheasta**" an bhrí a thugtar dó in alt 1 (Ceadú) den Litir Deontais seo;

Ciallaíonn "**Reachtaíocht um Chosaint Sonraí**" gach dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679), an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus aon rialacháin a achtaíodh faoi agus

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011;

Ciallaíonn "**Roinn**" an tAire Iompair;

Ciallaíonn "**Costais Incháilithe**", i gcás na Feithicle, an difríocht sa phraghas ceannaigh (seachas aon Cháin Bhreisluacha is infheidhme agus/nó lascainí) idir:

(a) an Fheithicil; agus

(b) FTS leis na sonraíochtaí céanna nó na sonraíochtaí cosúla leis an bhFeithicil ach tá á hoibriú ag gléasra cumhachta le díosal mar bhreosla ann;

Ciallaíonn "**AE**" an tAontas Eorpach;

Tá le "**Acht um Shaoráil Faisnéise**" an bhrí a thugtar dó i gclásal 1.6 de Aguisín B;

Ciallaíonn "**Blocrialachán Ginearálta**" nó "**GBER**" Rialachán an Choimisiúin (AE) Uimh. 651/2014 an 17 Meitheamh 2014 ag dearbhú go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach maidir le feidhmiú Airteagail 107 agus 108 den Chonradh maidir le feidhmiú an AE arna leasú le Rialachán (AE) 2023/1315 ón gCoimisiún;

Ciallaíonn "**Rialtas**" Rialtas na hÉireann;

Tá le "**Deontas**" an bhrí a thugtar dó in alt 1 (Ceadú) den Litir Deontais seo mar an deontas atá á chur ar fáil don Deontaí;

Ciallaíonn "**Foirm Iarratais ar Dheontas**" an fhoirm iarratais agus an fhaisnéis a chuireann tú isteach
maidir le d'iarratas ar Dheontas de réir Rialacha na Scéime;

Tá le "**Tréimhse Infhaighteachta Deontais**" an bhrí a thugtar dó in alt 6.2 (Íocaíocht Deontais) den
Litir Deontais seo;

Ciallaíonn "**Litir Deontais**" an litir seo;

Ciallaíonn "**Deontaí**" nó "**tú/tusa**" seolaí na Litreach Deontais;

Ciallaíonn "**HDV**" feithicil tromshaothair, lena n-áirítear veain, trucail, bus nó cóiste, ag a bhfuil ollmheáchan dearaidh neamhualaithe is mó ná 3.5 tonna aici;

Ciallaíonn "**Cuideachta Shealbhaíochta**", i ndáil le duine, aon duine eile ar Fochuideachta é ina leith;

Tá le "**Imscrúdú**" an bhrí a thugtar dó i gclásal 1.4(b) de Aguisín B;

Ciallaíonn "**Dliteanais**" na costais, na héilimh, na damáistí, na speansais, an cúiteamh, na muirir, na socraíochtaí, na pionóis, na caillteanais, na fíneálacha, na dámhachtainí, míchaoithiúlacht agus na dliteanais go léir (lena n-áirítear, táillí agus costais dhlíthiúla agus aon táillí agus costais ghairmiúla eile, mar aon le cáin bhreisluacha);

Ciallaíonn "**nua**", i gcás ZEHDV, go bhfuil an méid i leansa fíor faoi ZEHDV:

(a) amhail ó thús na Tréimhse Infhaighteachta Deontais:

(i) nach bhfuil ZEHDV cláraithe de bhua Acht Airgeadais, 1992 in ainm aon duine (seachas in ainm mótarthrádálaí atá údaraithe chun an múnla ábhartha de ZEHDV a dhíol); agus

(ii) nach bhfuil an ZEHDV sealbhaithe agat nó faoi réir aon chomhaontaithe nó conartha eile chun críche sealbhaithe agatsa; agus

(b) nach raibh an ZEHDV in úsáid sular shealbhaigh tusa é, seachas i ndáil le turas teagmhasach chuig mótarthrádálaí atá údaraithe chun an múnla ábhartha de ZEHDV a dhíol nó mar mhúnla taispeána ag mótarthrádálaí atá údaraithe chun an múnla ábhartha de ZEHDV a dhíol).

Ciallaíonn "**Páirtithe**" Riarthóir na Scéime mar aon le hOibreoir na Scéime agus an Deontaí;

Ciallaíonn "**Pearsanra**" aon fhostaithe agus aon chonraitheoirí de chuid an Deontaí ó am go ham;

Tá le "**Méid Deontais Shealadaigh**" an bhrí a thugtar dó in Alt 1 (Ceadú) den Litir Deontais seo;

Tá le "**Taifid**" an bhrí a thugtar dóibh i gclásal 1.3(a) de Aguisín B;

Ciallaíonn "**Gnóthas Iompair de Bhóthair**" Deontaí atá ag gabháil do phaisinéirí nó earraí, nó iad araon, a iompar de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht;

Ciallaíonn "**Scéim**" an scéim deontais ceannaigh ZEHDV atá á cur ar fáil ag Riarthóir na Scéime, mar atá beartaithe ag Rialacha na Scéime agus an Litir Deontais seo;

Ciallaíonn "**Riarthóir na Scéime**", de réir socruithe a bheartaítear le halt 32, Acht na mBóithre 1993, BIÉ;

Ciallaíonn "**Oibreoir Scéime**" BIÉ nó aon duine eile, an duine, ó am go ham, atá freagrach as oibriú na Scéime thar ceann Riarthóir na Scéime de réir chlásal 5 de Aguisín B;

Ciallaíonn "**Rialacha na Scéime**" na rialacha ina leagtar amach paraiméadair na Scéime mar a fhoilsítear iad ar láithreán gréasáin Riarthóir na Scéime;

Ciallaíonn "**Stát**" oileán na hÉireann, gan Tuaisceart Éireann a áireamh;

Ciallaíonn "**Rialacha Státchabhrach**" airteagail 107 agus 108 de Chonradh ar Fheidhmiú an AE (arna leasú) agus gach Dlí, reachtaíocht, rialacháin treoracha, treoirlínte, nós imeachta is infheidhme a dhíorthaítear ó airteagail 107 agus 108, lena n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún agus gach rialú ó chúirteanna an AE agus an Stáit araon, agus lena n-áirítear freisin, chun aon amhras a sheachaint, aon chumarsáid ó Choimisiún an AE maidir le hairteagail 107 agus 108;

Beidh le "**Fochuideachta**" an bhrí a thugtar di in alt 7 d'Acht na gCuideachtaí 2014;

Ciallaíonn "**Cáin**" aon cháin, tobhach, dleacht nó muirear nó siarchoinneáil den chineál céanna

(lena n-áirítear aon phionós nó ús is iníoctha i ndáil le haon mhainneachtain aon cheann den chéanna a íoc nó aon mhoill ar aon cheann den chéanna a íoc);

Ciallaíonn "**BIÉ**" Bonneagar Iompair Éireann (arb é ainm oibríochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta é);

Tá le "**Tréimhse Bailíochta**" an bhrí a thugtar di in alt 3.1 (Tréimhse Bailíochta) den Litir Deontais seo;

Ciallaíonn "**Feithicil**" an ZEHDV:

(a) atá á cheannach agat;

(b) atá den Chineál Feithicle Ceadaithe; agus

(c) is ábhar don Deontas; agus

Ciallaíonn "**Deimhniú Clárúcháin Feithicle**" deimhniú arna eisiúint faoi alt 131(5) den Acht Airgeadais, 1992.

1.2 **Léirmhíniú**

(a) Mura léirítear a mhalairt, folaíonn tagairt sa Litir Deontais seo do:

(i) "**sócmhainní**" maoin, ioncam agus cearta de gach cineál anois agus sa todhchaí.

(ii) "**duine**" aon duine, gnólacht, cuideachta, corparáid, rialtas, stát nó gníomhaireacht stáit nó aon chomhlachas, iontaobhas nó comhpháirtíochta (bíodh pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu nó ná bíodh) de dhá cheann nó níos mó thuasluaite;

(iii) "**rialachán**" aon rialachán, riail, treoir oifigiúil, iarraidh nó treoirlíne (cibé acu a bhfuil feidhm dlí aige nó nach bhfuil) ag aon chomhlacht rialtais, idir-rialtasach nó fornáisiúnta, gníomhaireacht, roinn nó údarás rialála, féinrialála nó aon údarás nó eagraíocht eile;

(iv) "**Roinn**","**Deontaí**", aon "**Páirtí**","**Oibreoir na Scéime**", "**Riarthóir na Scéime**" nó aon duine eile mar ní a fholaíonn a comharba i dteideal, sannacháin cheadaithe agus aistrí ceadaithe;

(v) "**sinn**", "**ár**" nó "**muid**", an Roinn, do Riarthóir na Scéime agus d'Oibreoir na Scéime, de réir lena mbaineann;

(vi) "**CBL**" cáin bhreisluacha lena n-áirítear aon cháin chomhchosúil a fhéadfar a fhorchur ina háit ó am go ham;

(vii) foráil dlí, don fhoráil dlí sin arna leasú nó arna athachtú; agus

(viii) am an lae, mar an t-am ag Mheántráth Greenwich.

(b) Muna n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, cuimsíonn focail a allmhairíonn an t-uatha an t-iolra agus a mhalairt, cuimsíonn focail a allmhairíonn an firinscneach an

bainінscneach agus a mhalairt agus cuimsíonn focail a allmhairíonn daoine corparáidí agus a mhalairt.

(c) Ciallaíonn an focal "**lena n-áirítear**" go n-áireofar gan teorainn nó gan dochar do ghinearáltacht tuairisc, sainmhíniú, téarma nó frása ar bith roimh an bhfocal sin, agus forléireofar an focal "áirítear" agus a chuid dhíorthaigh dá réir.

(d) Cuirtear na ceannteidil isteach sa Litir Deontais seo mar áis tagartha amháin agus ní mheasfar gur cuid de thógáil nó de léirmhíniú na Litreach Deontais seo nó a hAguisíní iad, nó ní dhéanfaidh siad aon difear dóibh.

1.3 Siombailí agus sainmhínithe airgeadra

Léiríonn **"€"** airgeadra dleathach an Stáit**.**

# AGUISÍN B

# TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA NA SCÉIME

1. **Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta na Scéime**

*1.1 ZEHDV*

(a) Caithfidh an Deontaí an Fheithicil a cheannach in ainm an Deontaí.

(b) Ní mór don Deontaí an Fheithicil a cheannach in ainm an Deontaí tar éis dó an Litir Deontais a ghlacadh.

(c) Caithfidh an Deontaí an Fheithicil a chlárú sa Stát in ainm an Deontaí agus, muna rud é le cead roimh ré ó Riarthóir na Scéime, ar feadh tréimhse trí (3) bliana ó dháta cláraithe na Feithicle, ní mór don Deontaí:

(i) clárú na Feithicle a choinneáil sa Stát; agus

(ii) a chinntiú nach gclárofar an Fheithicil nó nach oibreofar an Fheithicil sa chaoi go mbeadh gá léi a chlárú i stát seachas an Stát.

(d) Ní mór don Deontaí an Fheithicil a chlárú sa Stát tar éis dó an Litir Deontais a ghlacadh.

(e) Ní mór don Deontaí úinéireacht na Feithicle a choinneáil ar feadh trí (3) bliana ar a laghad ó dháta cláraithe na Feithicle. Más mian leis an Deontaí an Fheithicil a dhiúscairt tráth ar bith roimh dheireadh an téarma trí (3) bliana, ní mór don Deontaí cead a fháil roimh ré ó Riarthóir na Scéime.

*1.2 Coinníollacha ar leith*

Is coinníoll é maidir le hincháilitheacht an Deontaí agus na Feithicle don Scéim:

(a) nach bhfuair an Deontaí nó Cleamhnaithe an Deontaí Deontais faoin Scéim:

(i) i gcás nuair is ionann comhiomlán na nDeontas siúd agus níos mó ná €500,000 (lena n-áirítear an Deontas is ábhar don Litir Deontais); nó

(ii) i leith níos mó ná fiche (20) ZEHDVanna (lena n-áirítear an Fheithicil seo);

(b) go bhfuil gnólacht nó brainse ag an Deontaí in Éirinn ón dáta a íoctar an Deontas leis an Deontaí;

(c) nach bhfuil aon fhóirdheontas nó deontas eile faighte ag an bhFeithicil faoi scéim eile ar bith; agus nach bheidh sí ina hábhar iarratais ar aon fhóirdheontas nó deontas eile faoi aon scéim eile; agus

(d) nach bhfuil an Deontaí agus Cleamhnaithe an Deontaí faoi réir ordú aisghabhála gan íoc maidir le Státchabhair a dheonaigh an Stát roimhe seo a aisíoc tar éis cinneadh ón gCoimisiún Eorpach go raibh an chabhair sin mídhleathach agus neamhchomhlíonach le margadh inmheánach an AE.

*1.3 Cuntais agus Taifid*

(a) Coinneoidh an Deontaí leabhair chuntais chuí, taifid ar gach íocaíocht agus admháil,

gach cáipéis tacaíochta lena n-áirítear sonraisc, ráitis agus ráitis bhainc, agus aon doiciméad ábhartha eile (“***Taifid***”) a bhaineann le caiteachas an Deontais ar feadh tréimhse a shonraítear, ó am go am, don Deontaí ag an Roinn, Oibreoir na Scéime nó Riarthóir na Scéime, cibé tréimhse ar a laghad deich (10) mbliain tar éis an Deontas a fháil.

(b) Coimeádfar gach Taifead ar bhealach a thabharfaidh mionsonraí airgeadais beachta a bhaineann leis an Litir Deontais seo tráth ar bith.

(c) Ceadóidh an Deontaí d'aon duine atá údaraithe ag Riarthóir na Scéime rochtain réasúnach a fháil ar áitreabh, ar fhoireann, ar Phearsanra agus ar Thaifid an Deontaí chun a chinntiú go gcomhlíontar an Litir Deontais seo.

1.4 *Faireachán agus Tuairisciú*

(a) Soláthróidh an Deontaí cibé faisnéis agus doiciméid a éileoidh an Roinn, Riarthóir na Scéime agus/nó Oibreoir na Scéime d’fhonn a chinntiú gur baineadh úsáid as an Deontas de réir na Litreach Deontais seo agus gach Dlí Infheidhme, agus gur chomhlíon an Deontaí a chuid dualgais i ndáil leis an Deontas, leis an Scéim agus leis an Litir Deontais seo, lena n-áirítear (gan teorainn) an méid seo a leanas a chur ar fáil ó am go ham:

(i) Deimhniú Imréitigh Cánach reatha, nó a leithéid fianaise eile is gá le réasún;

(ii) fianaise ar árachas; agus

(iii) an Deimhniú Clárúcháin Feithicle maidir leis an bhFeithicil.

(b) I gcás aon imscrúdú ag an gCoimisiún Eorpach go bhfuil fáil nó úsáid an Deontaí in aghaidh ("**Imscrúdú**") na Rialacha Státchabhrach, cloífidh an Deontaí go hiomlán agus go pras le:

(i) gach Imscrúdú; agus

(ii) gan dochar co chlásal 1.4 (a) den Aguisín B seo agus d’Oibreoir na Scéime agus do chearta Riarthóir na Scéime i gclásal 1.14 den Aguisín B seo, gach cinneadh, rialú nó ordú ón gCoimisiún Eorpach nó ó aon chúirt nó binse de dlínse inniúil go bhfuil fáil nó úsáid an Deontais in aghaidh na Rialacha Státchabhrach.

(c) I gcás gach Imscrúdaithe, coimeádfaidh an Deontaí Oibreoir na Scéime, Riarthóir na Scéime agus an Roinn ar an eolas go hiomlán agus go pras agus, a mhéid is féidir a cheadaítear leis an Dlí Infheidhme, rachaidh sé i dteagmháil le hOibreoir na Scéime agus leis an Roinn maidir le gach fhreagra ar gach Imscrúdú dá leithéid.

1.5 *Cosaint Sonraí agus Rúndacht*

(a) Beidh an bhrí chéanna le téarmaí agus abairtí a úsáidtear sa chlásal seo agus atá leo sa Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

(b) Cloífidh an Deontaí leis an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

(c) Geallann an Deontaí leis seo agus aontaíonn sé sula gcuireann sé aon sonraí pearsanta ar fáil d’Oibreoir na Scéime, do Riarthóir na Scéime nó don Roinn, go bhfaighidh an Deontaí aon toilithe riachtanacha agus ábhartha ó aon ábhar na sonraí ábhartha nó go

gcomhlíonfaidh sé bunús dlí malartach de bhun an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí chun a gcuid sonraí pearsanta a nochtadh agus a phróiseáil ag Oibreoir na Scéime, ag Riarthóir na Scéime nó ag an Roinn.

(d) Admhaíonn an Deontaí leis seo go bhféadfaidh an Scéim úsáid na faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir bhrí na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí, a chuirtear ar fáil d'Oibreoir na Scéime, don Roinn agus/nó do Riarthóir na Scéime i ndáil leis an Scéim, a cheadú don Oibreoir, don Roinn agus/nó do Riarthóir na Scéime a mhéid is gá go réasúnach chun an Scéim a riaradh, lena n-áirítear í a fhoilsiú ar Mhodúl um Chúnamh Trédhearcachta an Choimisiúin Eorpaigh nuair a éilítear sin le hAirteagal 9 de GBER. Admhaíonn an Deontaí freisin gur féidir faisnéis ábhartha, lena n-áirítear sonraí cláraithe feithiclí, ach gan a bheith teoranta di, a roinnt le soláthraithe deontais eile chun a chinntiú nach bhfuil feithiclí ag baint leasa as iliomad tacaíochtaí deontais.

1.6 *Saoráil Faisnéise*

Admhaíonn an Deontaí go bhfuil an Roinn agus Riarthóir na Scéime araon faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (an "**Acht um Shaoráil Faisnéise**") agus go bhféadfadh na taifid a chuireann an Deontaí ar fáil d'Oibreoir na Scéime, don Roinn agus/nó do Riarthóir na Scéime, nó arna ghiniúint ag aon cheann acu i ndáil le riarachán na Scéime, a bheith faoi réir nochtaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

1.7 *Maoin Intleachtúil*

Níl aon cheart, teideal, nó leas ag an Deontaí (ná ag aon tríú páirtí eile) nó ní bhfaighidh sé aon cheart sna rudaí seo a leanas
de chuid Oibreoir na Scéime, na Roinne nó Riarthóir na Scéime:

(a) lógó;

(b) trádmharcanna;

(c) faisnéis dhílsithe;

(d) rúin trádála; nó

(e) aon mhaoin intleachtúil eile de chuid Oibreoir na Scéime, na Roinne nó Riarthóir na Scéime nó ag a gceadúnaithe tríú páirtí.

1.8 *Admháil ar Chistiú agus Fógraí*

(a) Geallann an Deontaí go ndéanfaidh sé an méid seo a leanas ina thuarascáil bhliantúil (más infheidhme) agus ar a láithreán gréasáin:

(i) cistiú agus tacaíocht na Scéime don Fheithicil a admháil; agus

(ii) go n-aithneofar stádas na Feithicle mar ZEHDV.

(b) Gan dochar do chlásal 1.8 den Aguisín B seo, agus ach amháin le cead Riarthóir na Scéime, ní dhéanfaidh an Deontaí aon fhógra poiblí, foilseacháin, margaíocht nó ábhair díolacháin a bhaineann leis an Deontas nó leis an Scéim.

*1.9 Barántais*

(a) Déanann an Deontaí barántas, ionadaíocht agus gealltanas do Riarthóir na Scéime amhail ón dáta a dhéantar an Litir Deontais agus amhail ón dáta a dhéantar an Deontas:

(i) go bhfuil na cumhachtaí, an inniúlacht agus an t-údarás riachtanach ag an Deontaí chun an Litir Deontais a dhéanamh agus na dualgais faoi a chomhlíonadh;

(ii) go gcloífidh an Deontaí le gach Dlí Infheidhme;

(iii) nach bhfuil an Deontaí faoi réir aon srianta conartha nó a leithéid eile a fhorchuirtear le rialacha nó rialacháin an Deontaí féin nó le haon eagraíocht eile nó ar shlí eile a d'fhéadfadh cosc nó bac ábhartha a chur ar an Deontaí oibleagáidí an Deontaí faoin Litir Deontais a chomhlíonadh;

(iv) go gcomhlíonfaidh an Deontaí a chuid oibleagáidí reachtúla go pras maidir le ÍMAT, ÁSPC, CBL, CCF, mótarcháin agus gach cáin agus tobhach ábhartha eile a bhaineann leis an Litir Deontais seo;

(v) nár tháinig aon athrú ábhartha ar staid airgeadais ná ionchais an Deontaí, lena n áirítear a stádas FBM, ó dháta na gcuntas deireanach de chuid an Deontaí;

(vi) nach bhfuair ná nach bhfaigheann an Deontaí cistiú Stáit nó cistiú AE ó aon fhoinse eile don Fheithicil nó d'aon chuid di;

(vii) go gcloífidh an Deontaí le:

(A) gach treoir ó Oibreoir na Scéime, agus/nó Riarthóir na Scéime agus/nó aon cheann dá n-ionadaithe údaraithe i ndáil leis an Scéim, agus

(B) téarmaí agus coinníollacha uile na Litreach Deontais seo;

(viii) go n-úsáidfidh an Deontaí agus/nó a Chleamhnaithe an Fheithicil i ndáil le gníomhaíocht tráchtála;

(ix) nach n-úsáidfidh an Deontaí agus a Chleamhnaithe an Fheithicil chun aon ghníomhaíocht choiriúil a dhéanamh ná i dtaca lena leithéid gníomhaíochta;

(x) go bhfuil an Deontaí freagrach as costais, gníomhartha agus neamhghníomhartha de chuid
Pearsanra an Deontaí i leith na Feithicle; agus

(xi) gur féidir leis an Deontaí agus lena Chleamhnaithe, más ann dóibh, a gcuid fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

(b) A mhéid a cheadaítear leis an Dlí Infheidhme, ní léireofar aon ní sa Litir Deontais seo chun a thabhairt le tuiscint nó go mbeidh éifeacht leis go ndeonóidh Oibreoir na Scéime, Riarthóir na Scéime nó an Roinn aon bharántas, coinníoll, dearbhú nó téarma eile de chineál ar bith, sainráite nó intuigthe, don Deontaí nó d'aon tríú páirtí ar bith as aon ábhar a éiríonn as comhlíonadh na Litreach Deontais seo.

(c) Gan dochar d'alt 1.9(b), ní léireofar aon ní sa Litir Deontais seo chun a thabhairt le

tuiscint nó go mbeidh éifeacht leis go ndeonóidh Oibreoir na Scéime nó Riarthóir na Scéime nó an Roinn aon bharántas, coinníoll, dearbhú nó téarma eile d'aon chineál, sainráite nó intuigthe, don Deontaí nó d'aon tríú páirtí ar bith maidir le híoc an Deontais faoi alt 6 (*Íocaíocht Deontais*) den Litir Deontais seo, atá fós ina ábhar faoi rogha Riarthóir na Scéime.

1.10 *Slánaíocht*

(a) Déanfaidh an Deontaí Oibreoir na Scéime, Riarthóir na Scéime, an Roinn nó aon chomhlacht maoinithe ábhartha eile agus a gcuid oifigigh, comhaltaí boird, fostaithe agus gníomhairí faoi seach a shlánú agus a choimeád slán go hiomlán agus go héifeachtach ó aon Dliteanas agus gach Dliteanas a eascróidh as nó i dtaca leis na nithe seo a leanas:

(i) aon sárú nó teip ar an Litir Deontais seo, nó aon mhainneactain í a chomhlíonadh;

(ii) breoiteacht, gortú nó bás éinne nó caillteanas nó damáiste do mhaoin a éiríonn as feidhmíocht an Deontais nó as neamh-chomhlíonadh na Litreach Deontais seo nó a oibleagáidí i leith tríú páirtithe; nó

(iii) na nDlíthe Infheidhme go léir, lena n-áirítear Rialacha Státchabhrach, a chomhlíonadh.

(b) Leanfaidh na forálacha seo do chlásal 1.10 (Slánaíocht) i bhfeidhm i ndiaidh foirceanta nó dul in éag na Litreach Deontais seo.

1.11 *Dliteanas*

(a) Ní oibreoidh aon ní sa Litir Deontais seo chun dliteanas Páirtí a eisiamh nó a theorannú as bás nó as díobháil phearsanta de bharr faillí, calaoise nó aon dliteanais eile nach féidir a eisiamh ná a theorannú de réir dlí.

(b) A mhéid a cheadaítear leis an Dlí Infheidhme, níl Oibreoir na Scéime, Riarthóir na Scéime agus an Roinn freagrach as aon dliteanas, caillteanas nó damáiste ar fad a d'fhulaing nó a thabhaigh an Deontaí nó aon duine eile a éiríonn as:

(i) feidhmíocht nó neamh-fheidhmíocht na Litreach Deontais seo;

(ii) an Litir Deontais seo a dhul in éag nó a fhoirceannadh;

(iii) oibriú na Feithicle; nó

(iv) úsáid nó tarraingt siar an Deontais,

cibé acu a eascróidh trí thagairt do thort (lena n-áirítear faillí), sárú conartha nó aon teoiric dlí eile (lena n-áirítear Rialacha Státchabhrach), as aon toradh a thagann as, fiú más intuartha.

(c) Gan dochar do chlásal 1.11(b), a mhéid a cheadaítear leis an Dlí Infheidhme, níl Oibreoir na Scéime, Riarthóir na Scéime agus an Roinn freagrach as aon dliteanas, caillteanas nó damáiste ar fad a d'fhulaing nó a thabhaigh an Deontaí nó aon duine eile a éiríonn as:

(i) feidhmíocht nó neamh-fheidhmíocht na Litreach Deontais seo;

(ii) an Litir Deontais seo a dhul in éag nó a fhoirceannadh;

(iii) oibriú na Feithicle; nó

(iv) úsáid nó tarraingt siar an Deontais,

cibé acu a eascróidh trí thagairt do thort (lena n-áirítear faillí), sárú conartha nó aon teoiric dlí eile (lena n-áirítear Rialacha Státchabhrach), i gcás aon cheann díobh seo a leanas, fiú más intuartha:

(A) ioncaim a chailleadh;

(B) gnó a chailleadh;

(C) brabúis nó conarthaí a chailleadh;

(D) cáilmheas a chailleadh; nó

(E) caillteanas nó dochar indíreach nó iarmhartach.

(d) Faoi réir chlásal 1.11 (a), tá dliteanas comhiomlán ina iomlán de chuid Oibreoir na Scéime, Riarthóir na Scéime agus na Roinne faoin Litir Deontais seo teoranta do luach an Deontais.

*1.12 Árachas*

Cinnteoidh an Deontaí go ndéanfar gach árachas i leith na Feithicle agus a hoibriú is gá le dlí a thógáil amach agus a chothabháil.

*1.13 Foirceannadh*

Ar fhoirceannadh nó dul in éag na Litreach Deontais seo ar chúis ar bith, cuirfear deireadh go huathoibríoch le cearta agus dualgais uile na bPáirtithe faoin Litir Deontais seo ach amháin i gcás aon cheart agus/nó aon dualgas a d'fhéadfadh a bheith fabhraithe roimh an bhfoirceannadh nó an dul in éag agus aon cheart agus/nó aon dualgas a bheidh ann a bheartaítear go sainráite nó trí impleacht tosú nó leanúint i bhfeidhm ar fhoirceannadh nó ar dhul in éag nó dá éis.

*1.14 Scor, Aisíocaíocht agus Laghdú an Deontais*

(a) Féadfaidh Oibreoir na Scéime agus/nó Riarthóir na Scéime an Litir Deontais seo a fhoirceannadh láithreach, scor d'aon íocaíocht den Deontas a dhéanamh, aisíocaíocht an Deontais a íocadh cheana leis an Deontaí a lorg agus/nó méid an Deontais atá fós le híoc a laghdú má tharlaíonn nó má tharla ceann amháin nó níos mó de na himeachtaí seo a leanas:

(i) go bhfuil aon fhaisnéis a chuir an Deontaí ar fáil san Iarratas nó i ndáil leis an Litir Deontais seo bréagach nó míchruinn, nó go dtagann sí salach nó míchruinn;

(ii) i dtuairim réasúnach Oibreoir na Scéime agus/nó Riarthóir na Scéime gur gá nó gur stuama é a leithéid a dhéanamh d'fhonn aon Dlí Infheidhme; nó chun riachtanais aon treoirlínte, rialacha nó rialachán a fhorordóidh an Rialtas nó aon údarás eile atá dlínse aige ar Oibreoir na Scéime agus/nó Riarthóir na

Scéime a chomhlíonadh; nó chun aon ghearán nó dúshlán a fhaigheann Oibreoir na Scéime agus/nó Riarthóir na Scéime a réiteach ina leith;

(iii) go sáraíonn an Deonaí:

(A) aon cheann dá oibleagáidí faoi théarmaí agus choinníollacha na Litreach Deontais seo; nó

(B) gan dochar do (A) thuas, aon uiríoll, barántas nó gnóthas atá leagtha amach sa Litir Deontais seo,

agus, in aon chás, nach féidir a leigheas, nó is féidir a leigheas ach nach leigheastar laistigh de thríocha (30) lá ó fhógra a fháil i scríbhinn ó Oibreoir na Scéime agus/nó ó Riarthóir na Scéime maidir lena leithéid a dhéanamh;

(iv) i gcás an Deontaithe:

(A) go n-éiríonn sé dócmhainneach, go scoirfidh sé dá ghnó a sheoladh, go bhfuil glacadóir, scrúdaitheoir, leachtaitheoir, glacadóir riaracháin, riarthóir, iontaobhaí i bhféimheacht nó oifigeach eile dá samhail arna cheapadh thar a shócmhainní uile nó cuid díobh, nó go rinneadh ordú nó go ritheadh rún chun an Deontaí a fhoirceannadh nó má rinne an Deontaí socrú nó sannadh chun leasa a chreidiúnaithe nó má tharla aon eachtra cosúil le haon cheann dóibh siúd thuas i leith an Deontaí; nó

(B) gur chuir sé tús, de réir an Acht Dócmhainneachta Pearsanta, le próiseas Fógra um Fhaoiseamh Fiachais nó cheap sé cleachtóir dócmhainneachta pearsanta le haghaidh Réiteach Socraíochta Fiachais nó Réiteach Dócmhainneachta Pearsanta a mholadh do creidiúnaithe uile an Deontaithe no do roinnt díobh; nó go bhfuil an Deontaí faoi réir Fógra um Fhaoiseamh Fiachais, Réiteach Socraíochta Fiachais nó Réiteach Dócmhainneachta Pearsanta faoin Acht Dócmhainneachta Pearsanta. Is é is brí le "Fógra um Fhaoiseamh Fiachais", "cleachtóir dócmhainneachta pearsanta", "Réiteach Socraíochta Fiachais" agus "Réiteach Dócmhainneachta Pearsanta" ná na bríonna a thugtar do na téarmaí sin san Acht Dócmhainneachta Pearsanta; nó

(C) mura bhfuil sé in ann a chuid fhiacha a íoc nuair a dhéantar an Litir Deontais nó mura n-éiríonn leis a gcuid fiacha a íoc mar thoradh ar an bhFeithicil a cheannach; nó

(v) mura gcoinníonn an Deontaí an Fheithicil ar feadh trí (3) bhliain de réir chlásal 1.1(e) den Aguisín B seo.

*(b)* Féadfaidh Oibreoir na Scéime agus/nó le Riarthóir na Scéime an Litir Deontais seo a fhoirceannadh láithreach agus scor d'aon íocaíocht den Deontas sa chás inar cuireadh deireadh leis an Scéim de réir Rialacha na Scéime.

*(c)* Má iarrann Oibreoir na Scéime agus/nó Riarthóir na Scéime aisíocaíocht ar an Deontas mar thoradh ar aon cheann de na himeachtaí dá dtagraítear thuas i gclásal 1.14(a), geallann an Deontaí go n-íocfar a leithéid aisíocaíochtaí ina n-iomláine agus gan aon asbhaint, fritháireamh nó coinneáil siar de chineál ar bith laistigh de mhí amháin (1) tar éis éileamh a fháil i scríbhinn ó Oibreoir na Scéime agus/nó ó Riarthóir na Scéime.

(*d*) Cuirfidh Oibreoir na Scéime agus/nó Riarthóir na Scéime in iúl i scríbhinn don Deontaí aon scor de na híocaíochtaí Deontais agus/nó aon laghdú ar mhéid an Deontais..

2. **Forálacha Ginearálta**

2.1 Cloífidh an Deontaí leis na Dlíthe Infheidhme go léir agus leis na riachtanais dhlíthiúla i ndáil le
comhlíonadh oibleagáidí an Deontaí faoin Litir Deontais seo.

2.2 Gníomhóidh an Deontaí i gcónaí go cóir, go freagrach agus go hoscailte agus é ag plé lena chuid dualgas le hOibreoir na Scéime agus le Riarthóir na Scéime.

2.3 Is féidir le líon fhrithphártaithe ar bith dul isteach sa litir seo agus is féidir leis na Páirtithe inti dul isteach le frithphártaithe ar leith, ar cóip bhunaidh iad gach ceann acu nuair a ghníomhófar agus a sheachadfar amhlaidh, ach is ionstraim amháin agus an ionstraim chéanna iad na frithphártaithe uile le chéile.

2.4 Féadfaidh aon Pháirtí, de réir forálacha na Litreach Deontas seo, a dhliteanas a scaoileadh, a athrú, a ghaibhniú nó a ghéilleadh go hiomlán nó go páirteach ag an bPáirtí sin faoi aon dliteanas gan dochar nó difear a dhéanamh dá chearta i gcoinne aon Pháirtí eile faoin dliteanas céanna nó faoi dhliteanas comhchosúil cibé acu comhpháirteach agus roinnt nó a mhalairt é. Ní fhorléireofar aon mhainneachtain ag aon Pháirtí aon fhoráil nó téarma den Litir Deontais seo a fhorfheidhmiú mar tharscaoileadh na bhforálacha sin nó mar cheart ag an bPáirtí ina dhiaidh sin a leithéid fhorálacha nó téarmaí a fhorfheidhmiú.

2.5 Má chinneann cúirt dlínse inniúla nó aon údarás inniúil eile aon cheann d'fhorálacha (nó cuid di) den Litir Deontais seo a bheith ar neamhní, neamhbhailí nó neamh-infheidhmithe, measfar go bhfuil an fhoráil nó na forálacha sin scriosta ón Litir Deontais seo agus ní dhéanfar difear do na forálacha eile (nó cuid díobh) agus leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm. Ansin rachaidh na Páirtithe i mbun idirbheartaíochta de mheon macánta d'fhonn téarmaí forála atá sásúil don dá thaobh a chomhaontú chun dul in ionad na forála a measadh a bheith ar neamhní, neamhbhailí nó neamh-infheidhmithe.

2.6 Ní fhorléireofar an litir seo mar litir a bhunaíonn nó a thugann le tuiscint aon chomhpháirtíocht nó comhfhiontar idir na Páirtithe agus ní mheasfar go bhfuil aon ní sa Litir Deontais seo mar aon cheann de na Páirtithe mar ghníomhaire d'aon Pháirtí eile nó ní údaróidh sé d'aon Pháirtí chun:

(a) creidmheas an Pháirtí eile a ghealladh nó a cheangal nó a chur d'oibleagáid ar an bPáirtí eile ar bhealach eile;

(b) aon uiríoll nó baránta a dhéanamh thar ceann Páirtí eile; nó,

(c) páirtí eile a ghealladh ar bhealach ar bith, gan a leithéid cheada a fháil
i scríbhinn i ngach cás ón bPáirtí sin roimh ré.

2.7 Sa chás nach cuideachta ná eintiteas corpraithe é an Deontaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leith aige féin, beidh na daoine aonair a dhéanann an Litir Deontais seo agus a shíníonn í thar ceann an Deontaí faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach as oibleagáidí agus dliteanais an Deontaí a chomhlíonadh faoin Litir Deontais seo.

3. **Athruithe ar na páirtithe**

Ní dhéanfaidh an Deontaí aon cheann dá chearta nó dá oibleagáidí faoin Litir Deontais seo a

shannadh, a tharmligean, a fhochonradh nó a aistriú ar shlí eile gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ó Riarthóir na Scéime.

4. **Fritháireamh**

4.1 Déanfar gach íocaíocht a bheidh le déanamh ag an Deontaí i ndáil leis an Litir Deontais a ríomh agus a dhéanamh gan (agus saor ó) aon asbhaintí le haghaidh fritháireamh nó frithéileamh.

4.2 Féadfaidh Riarthóir na Scéime aon mhéid atá dlite ón Deontaí faoin Litir Deontais seo a fhritháireamh i gcoinne aon mhéid atá dlite ag Riarthóir na Scéime don Deontaí, cibé acu faoin Litir Deontais seo nó faoi aon chomhaontú eile idir Riarthóir na Scéime agus an Deontaí.

5. **Oibreoir na Scéime**

5.1 Fiafraíodh de Riarthóir na Scéime, de réir Acht na mBóithre, 1993 an Scéim a sholáthar don Roinn, lena n-áirítear gach seirbhís riaracháin agus oibriúcháin a bhaineann leis an Scéim. Ó am go ham, féadfaidh Riarthóir na Scéime, duine dá chonraitheoirí a roghnú chun seirbhísí riaracháin a sholáthar i ndáil leis an Scéim.

5.2 Dá réir sin, is ionann tagairtí sa Litir Deontais seo agus tagairtí d'aon chonraitheoir atá ag obair do Riarthóir na Scéime ó am go ham chun na críche seo ina cháil mar riarthóir na Scéime agus, in éagmais aon cheapacháin dá leithéid, is é BIÉ a bheidh ag feidhmiú mar oibreoir na scéime.

6. **Fógraí**

6.1 Sa chás go bhfuil ar Riarthóir na Scéime nó ar an Deontaí fógra a thabhairt don duine eile nó más mian leis cumarsáid a dhéanamh leis an duine eile, is féidir a leithéid fhógra nó cumarsáide a sheirbheáil:

(i) i gcás an Deontaí chuig Riarthóir na Scéime, trí r-phost nó trí tharchur macasamhla chuig cibé seoladh ríomhphoist nó uimhir mhacasamhla a chuirfidh Riarthóir na Scéime in iúl don Deontaí ó am go ham; nó

(b) i gcás Riarthóir na Scéime chuig an Deontaí:

(i) trí r-phost chuig cibé seoladh a chuirfidh an Deontaí in iúl i scríbhinn do Riarthóir na Scéime ó am go ham; nó

(ii) trí cibé bealach eile a mheasann Riarthóir na Scéime is iomchuí.

6.2 Measfar aon fhógra nó cumarsáid a sheirbheálfar amhlaidh a sheirbheáil go cuí:

(a) i gcás ríomhphoist, ar á sheachadadh; nó

(b) i gcás tarchur macasamhla, ar dhearbhú go bhfuarthas é.

7. **Réiteach na nAighneas**

Má tharlaíonn aon aighneas as an Litir Deontais seo, lena n-áirítear léirmhíniú nó chomhlíontacht aon cheann dá cuid fhorálacha:

(a) déanfaidh Oibreoir na Scéime agus an Deontaí a leithéid aighnis a phlé go pras mar iarracht teacht ar réiteach lena n-aontaíonn an dá thaobh;

(b) mura ndéantar réiteach ar an ábhar laistigh de lá is fiche (21) is féidir an t-aighneas a

chur faoi bhráid Riarthóir na Scéime ionas gur féidir leis agus leis an Deontaí an t-ábhar a phlé mar iarracht teacht ar réiteach lena n-aontaíonn an dá thaobh;

(c) mura réitítear an t-ábhar laistigh de thréimhse ceithre lá dhéag (14) eile, is féidir an t-ábhar a chur faoi bhráid idirghabhála trí chomhchead na bPáirtithe bunaithe ar bhonn téarmaí agus coinníollacha atá le comhghlacadh; agus

(d) mura réitítear an t-ábhar trí idirghabháil (lena n-áirítear teip ar chomhaontú ar chéannacht an idirghabhálaí agus/nó teip ar théarmaí agus coinníollacha na hidirghabhála a chomhghlacadh) laistigh de thréimhse ocht lá is fiche (28) eile, is féidir le ceachtar Páirtí an t-aighneas a chur faoi bhráid na cúirte.